Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Feabhra 2025**
**(OR. en)**

**5712/25**

**ECOFIN 94**
**UEM 44**
**SOC 30**
**EMPL 25**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5711/25 |
| Ábhar: | Tuarascáil 2025 maidir leis an Sásra Foláirimh<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 18 Feabhra 2025) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle i ndáil le Tuarascáil 2025 maidir leis an Sásra Foláirimh, a d'fhormheas an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais ag an gcruinniú a bhí aici an 18 Feabhra 2025.

**TUARASCÁIL 2025 MAIDIR LEIS AN SÁSRA FOLÁIRIMH**

– Conclúidí ón gComhairle –

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. LEAGANN SÍ BÉIM ar an mborradh ar luas measartha atá faoin bhfás eacnamaíoch arís san Aontas agus ar an laghdú atá tagtha ar an mboilsciú. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na conairí éagsúla fáis atá ann ó Bhallstát go chéile agus na méaduithe éagsúla ar leibhéil fhoriomlána na bpraghsanna. CUIREANN SÍ I dTREIS gur lean margadh saothair docht an Aontais de phoist a chruthú le blianta beaga anuas. Tháinig moilliú beag ar an bhfás ar tháirgiúlacht saothair agus tá méadú suntasach ag teacht ar chostais saothair an aonaid táirgthe i bhformhór na dtíortha. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil an timpeallacht mhaicreacnamaíoch agus gheopholaitiúil fós dúshlánach agus éiginnte, rud a fhágann go bhfuil an baol ann go mbeidh éifeachtaí ilchineálacha ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ó Bhallstát go chéile.

2. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé leanúint den Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha a chur chun feidhme chun míchothromaíochtaí a bhrath, a chosc agus a cheartú, ar míchothromaíochtaí iad a dhéanann dochar d'fheidhmiú cuí geilleagair Ballstáit nó geilleagair an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta nó d'fheidhmiú cuí gheilleagar an Aontais ina iomláine, nó a d'fhéadfadh dochar den sórt sin a dhéanamh. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil 2025 maidir leis an Sásra Foláirimh, lena dtionscnaítear cur chun feidhme an cheathrú babhta déag bliantúil den Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha.

3. IS DÍOL SÁSAIMH DI an anailís ardcháilíochta sa Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh ina ndírítear ar na Ballstáit, agus go leantar de ghnéithe an Aontais agus an limistéir euro a bheith feiceálach sa tuarascáil. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil an tuarascáil bunaithe ar gan athrú a dhéanamh ar an gcaoi a rialaítear an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha agus ar léamh eacnamaíoch an Choimisiúin ar na sonraí le haghaidh 2023 den scórchlár a athbhreithníodh le déanaí, arna léirmhíniú ar bhealach réamhbhreathnaitheach. AITHNÍONN SÍ neamhchinnteacht na réamhaisnéisí agus a thábhachtaí atá sé féachaint ar athróga stoic agus sreafa araon le haghaidh anailíse.

4. AONTAÍONN SÍ TRÍD IS TRÍD leis an measúnú a dhéantar sa Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh i ndáil le forás míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha agus na rioscaí atá ag teacht chun cinn. AITHNÍONN SÍ, cé gur mhaolaigh boilsciú tomhaltóirí, go bhfuil éagsúlachtaí suntasacha fós ann i ndinimicí praghsanna ó Bhallstát go chéile, cé go bhfuil méideanna níos lú i gceist i gcomparáid leis an mbuaicphointe in 2022. AITHNÍONN SÍ gur thaifead roinnt Ballstát méaduithe móra ar a leibhéil praghsanna agus costas le blianta beaga anuas, rud a chuireann a n-iomaíochas i mbaol. AITHNÍONN SÍ, áfach, nach mór an riosca sin a mheasúnú freisin i bhfianaise éabhlóid a n-iomaíochais neamhchostais, rud nach mór a fheabhsú ar fud an Aontais.

5. AITHNÍONN SÍ gur lean cóimheasa fiachais na hearnála corparáidí agus na dteaghlach de bheith ag laghdú go mór in 2023 cé gur tharla sé sin go háirithe mar gheall ar éifeacht an bhoilscithe aird ar an ainmneoir, agus gur maolaíodh nó gur crapadh sreafaí creidmheasa i roinnt mhaith Ballstát. Meastar go maolófar an éifeacht ainmneora sin de réir mar a luasmhaolófar boilsciú agus fás ainmniúil. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na costais mhéadaithe iasachtaíochta ó 2022 go dtí 2024, agus an laghdú ar rátaí úis ó lár 2024. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil an infheistíocht chorparáideach fós íseal, ach go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh téarnamh uirthi de réir mar a bheidh an t-éileamh ag fás agus mar a bheidh feabhas ag teacht ar dhálaí maoiniúcháin agus ar chreatdálaí. AITHNÍONN SÍ go bhfuil praghsanna tithe fós ard i roinnt Ballstát agus go bhfuil rátaí fáis ag méadú arís tar éis maolú éigin in 2023. LEAGANN SÍ BÉIM ar athléimneacht leanúnach earnáil baincéireachta an Aontais, agus ar iasachtaí neamhthuillmheacha a bheith fós íseal.

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur tháinig méadú ar an infheistíocht phoiblí i bhformhór na mBallstát. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur tháinig laghdú breise ar chóimheasa fiachais rialtais in 2023, mar shampla i bhformhór na dtíortha atá go mór i bhfiachas, cé go bhfuil siad fós os cionn na leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim i roinnt mhaith Ballstát. AITHNÍONN SÍ gurbh é fás láidir ainmniúil OTI mar thoradh ar bhoilsciú ard ba chúis, go háirithe, leis an díghiaráil phoiblí agus go meastar go maolóidh sí mar gheall ar bhoilsciú agus fás ainmniúil laghdaithe. MEASANN SÍ GUR DEN TÁBHACHT IAD na hidirghníomhaíochtaí a d’fhéadfadh a bheith ann idir athróga maicreacnamaíocha éagsúla.

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur neartaigh na cuntais reatha i mbeagnach gach Ballstát in 2023, arna spreagadh den chuid is mó ag an suaitheadh i bpraghsanna fuinnimh a bheith ag cúlú agus ag an laghdú ar an éileamh, agus go bhfuil siad fós faoi bhun na leibhéal a mholtar sna bunphrionsabail i roinnt mhaith Ballstát. TARRAINGÍONN SÍ AIRD ar na héagsúlachtaí méadaithe idir na Ballstáit, mar gheall ar mhéaduithe níos airde ar an gcuntas reatha i roinnt tíortha ar glanchreidiúnaithe iad, mar aon le heasnaimh shuntasacha sa chuntas reatha i roinnt tíortha eile, easnaimh ar mó iad ná na leibhéil a bhí acu roimh an bpaindéim. AITHNÍONN SÍ gur lean na staideanna glana infheistíochta idirnáisiúnta de bheith ag méadú i mbeagnach gach Ballstát in 2023, ach go bhféadfadh an glanfhiachas seachtrach tosú ag ardú arís. AITHNÍONN SÍ go bhfuil athchothromú aontaobhach á dhéanamh ar staideanna seachtracha laistigh den limistéar euro mar thoradh ar an bhfeabhas mór atá tagtha ar staideanna glana infheistíochta idirnáisiúnta na nglanfhéichiúnaithe.

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún grinn-athbhreithnithe a ullmhú i gcás na naoi mBallstát a sainaithníodh go raibh míchothromaíochtaí nó míchothromaíochtaí iomarcacha ag baint leo in 2024, agus i gcás Ballstát amháin eile ina bhféadfadh míchothromaíochtaí teacht chun cinn. IARRANN SÍ go bhfoilseofaí grinn-athbhreithnithe go luath san earrach.

9. IARRANN SÍ go gcuirfí an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha chun feidhme go héifeachtúil sa chreat rialachais eacnamaíoch athchóirithe, ar creat é atá leabaithe sa Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart go n-oibreodh an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha go comhsheasmhach leis an gcreat buiséadach nua. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le dearcadh iomlánaíoch ar na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha uile agus ar na hidirghníomhaíochtaí eatarthu agus IARRANN SÍ go ndéanfaí tuilleadh obair anailíseach. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil freagairt bheartais atá tráthúil ríthábhachtach chun go mbeidh Aontas athléimneach ann, trí athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, mar shampla, chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

10. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go gcuirtear feabhas ar chumas na mBallstát freagairt ar thurraingí trí mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú agus go dtacaíonn sin le cóineasú eacnamaíoch. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go gcuidíonn

laghdú na míchothromaíochtaí uile le hathléimneacht fhoriomlán gheilleagar an Aontais agus go bhféadfadh iarmhairtí dearfacha a bheith ann ar fud an Aontais.